# Ceantar Charna agus Chill Chiaráin.

## Moltaí do Dhréachtphlean Forbartha

## Chontae na Gaillimhe

## 2022-2028.

**Seoladh…Teach an Údarás, Charna, Co na Gaillimhe**

**E-mail…**[redacted]

**Data………….. 30-7-2021.**

## RÉAMHRÁ.

**Is muide an Coiste Comhairleach áitiúil atá ag obair i dteannta Údarás na Gaeltachta sa ngníomhaíocht a bhaineann le feidhmiú an Phlean 5 Bhliana d'Iorras Aithneach (Cill Chiaráin, Carna agus Gaeltacht iarthar Chonamara).**

**NÓTA – Tá na hathraithe atá dá moladh againn priontáilte i ndath**

**GORM.**

# AN GHAELTACHT AGUS OILEÁIN.

## 13.1 Réamhrá

Clúdaíonn Gaeltacht na Gaillimhe agus na Oileáin codanna fhairsing Chontae na Gaillimhe. Téann an Ghaeltacht ó Bhaile Chláir, go dtí oirthear na cathrach go Cloch na Rón in iarthar Chonamara, fad timpeall 100km agus ó Oileán Árann i dtreo an tuaiscirt go dtí Dúiche Sheoigheach le ar an teorainn le Contae Mhaigh Eo. Téann limistéar na Gaeltachta freisin thar bhaile fearainn atá laistigh teorann Cathrach na Gaillimhe.

Aithníonn an Comhairle an tábhacht a bhaineann le Gaeltacht na Gaillimhe, go háirithe maidir leis an nGaeltacht is mó agus is mó daonra sa tír, atá sa chontae seo.

Is oidhreacht uathúil luachmhar iad teanga agus cultúr na Gaeltachta, agus is aidhm náisiúnta iad a chaomhnú agus a chosaint. Tá an aidhm seo cuimsithe san *Acht Pleanála agus Forbartha, 2000* (de réir leasaithe). Chomh maith le tábhacht na Gaeltachta, imríonn na oileáin ról suntasach freisin in acmhainn eacnamaíoch agus turasóireachta agus in oidhreacht shóisialta agus chultúrtha an chontae.
Faoi láthair tá ceithre oileán áitrithe lena n-áirítear trí oileán de na Oileáin Árann agus Inis Bó Finne. Is aidhm leis an bplean seo freisin tacú leis na oileáin neamháitrithe mar is cuí le haird ar an acmhainn forbartha turasóireachta.

# 13.6 An Ghaeltact a Chaomhnú agus a Chur chun Cinn sa Phróiseas Pleanála

Tá an Comhairle eolach go bhfuil an Ghaeltacht is mó daonra agus is mó na tíre ag an gcontae, a bhfuil tábhacht iontach mór léi agus breathnóireacht chúramach ag teastáil le cinntiú go ndéantar í a chaomhnú agus a chur chun cinn araon le gach deis chun fás agus beocht na Gaeltachta a chinntiú go fadtéarmach. Déanfaidh an Comhairle tacaíocht a lorg don Ghaeltacht, le breathnóireacht ar fhorbairt chuí laistigh ceantair na Gaeltachta. Ní cheadófar aon thairiscintí forbartha, a mbeadh droch-thionchar acu i dtuairim an Údaráis Pleanála ar an nGaeilge agus sa Ghaeltacht. Ceaptar go gcabhróidh an cur chuige seo dul i ngleic leis an laghdú ar dhaonra i gceantair áirithe den Ghaeltacht agus go gcinnteoidh sé freisin comhdhlúthú agus neartú na Gaeilge sa Ghaeltacht.
Cabhróidh na Ceantair Gaeltachta liostaithe thuas le Limistéir Pleanála Teanga de réir luaite sa Straitéis 20-Bhliana don Ghaeilge 2010-2030 agus comhaontaithe ag gníomhaireachtaí reachtúla.
Tá Gaeltacht na Gaillimhe roinnte in 10 LPA: LPA Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh, LPA Láir Chonamara, LPA na Ceathrún Rua, LPA Cheantar na nOileán, LPA Oileán Árann, LPA Chois Fharraige, LPA Mhaigh Cuilinn, LPA Bhearna, LPA Cnoc na Cathrach, LPA Oirthir Cathrach na Gaillimhe agus LPA an Eachréidh.

**Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil tuairim dhá thrian de cheantar Bárdasach Chonamara taobh istigh de Cheantair Speisialta Caomhnaíthe agus go bhfuil tuilleadh aitheantais thimpeallachta ann freisin. Tuigtear go bhfuil an ceantar leathan caomhnaíthe seo ina chonstaic neamhghnáthach agus anróiteach go minic roimh dhaoine a bhfuil riachtanas títhíochta acu agus roimh dhaoine a bheadh ag plé le forbairt thionsclaioch, tráchtála agus seirbhísí. Cé go dtacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go láidir le cosaint na timpeallachta, tá neartú na gceantar Gaeltachta agus tuaithe air cheann de phríomh chuspóirí na Comhairle freisin.**
**Féachfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le cumarsáid a thionscnaimh leis an Roinn Turasóireachta, Spóirt, Gaeltachta, Cultúir agus Ealaíon le súil agus go laghadófar an tionchar atá ag Ceantair Speisialta Caomhnaíthe, agus córais eile caomhnaithe, ar thógáil títhe atá riachtanach don phobal agus ar fhorbairtí a thugann fostaíocht i gceantair Ghaeltachta agus tuaithe.**

**----------------------**

**Féachfaidh Comhairle Chontae na Gaillimh, ar mhaithe le muintir na tuaithe agus na Gaeltachta, leis an bprionsaibil de minimis a chur I bhfeidhm i leith Ceantair**

**Speisialta Caomhnaíthe faoin tuaith agus sa nGaeltachtasa gcás agus go sroicheann títhíocht agus forbairt thionscail agus thráchtála isteach de bheagán sna ceantracha caomhnaithe seo**

## Aidhmeanna Polasaithe na Gaeltachta

**GA1 Oidhreacht Theangeolaíoch agus Chultúrtha na Gaeltachta**

Beidh sé mar aidhm pholasaithe an Chomhairle oidhreacht theanga agus cultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn, a fheabhsú agus a chosaint chun gur féidir an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga pobail.

**GA 2 Forbairt ar Phleananna Teanga**

Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm ar phleananna teanga sna Ceantair Pleanála Teanga den Ghaeltacht, Bailte Seirbhíse na Gaeltachta agus Gréasáin Gaeilge.

**GA 3 Tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Forbartha Reachtúla**

Tacaíocht do gach gníomhaireacht forbartha reachtúil, go háirithe Údarás na Gaeltachta, chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i nGaeltacht na Gaillimhe, ag cosaint agus ag cur chun cinn na Gaeilge mar an chéad teanga pobail sa cheantar.

**GA 4 Clásal Feidhme Teanga**

(a) Cuirfear Clásal Feidhme i bhfeidhm ar chuid de na aonaid cónaithe i bhforbairtí dhá nó níos mó aonaid i gCeantar D Cois Fharraige. Cur chun cinn do thithe ina mbeidh clásal feidhme teanga ar íosmhéid 80% nó ar chionroinn na ndaoine ag úsáid na Gaeilge ar bhonn laethúil, i gcomhréir leis an nDaonáireamh is déanaí foilsithe, pé acu is mó.

(b) Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar chuid de na aonaid cónaithe i bhforbairtí dhá nó níos mó aonaid i gCeantair Gaeltachta eile seachas Ceantar D Cois Fharraige. Nuair a céatadán na dteaghlaigh ina mbeidh clásal feidhme teanga ar íosmhéid 20% nó do chionroinn na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge ar bhonn laethúil, i gcomhréir leis an nDaonáireamh is déanaí foilsithe, Pé acu is mó.

**GA 5 Comharthaíocht sa Ghaeltacht**

Ní mór do gach comharthaí sa Ghaeltacht, lena n-áirítear comharthaí méire eolais agus comharthaí bóthair,comharthaíocht ghnó/phobail a bheith i nGaeilge. I ngach cás ina moltar comharthaíocht nua ar aigheanna siopaí Sa Ghaeltacht, beidh an ghairm/cineál gnó i nGaeilge.

- **Beidh Comhairle Contae na Gaillimhe tiomanta go hiomlán i gcónaí do chaomhnú agus do chothú na Gaeilge sa gceantar atá faoina gcúram. Chuige sin tuigeann an Chomhairle go gcaithfear creatlach sóisialta na bpobail Ghaeltachta a neartú , go mór mhír sna ceantair imeallacha. Aithnítear gur mór an baol do chuid de na pobail Ghaeltachta an laghdú leanúnach ar an daonra agus an dífhostaíocht agus imircece a thárlaíonn dá bharr seo. Rud fior-dhiúltach é seo do stádas na Gaeilge sa gcontae agus sa tír.**
- **Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe gur contae láidir dhátheangach é contae na Gaillimhe ó thaobh stadas na dteangacha oifigiúla Stáit. Tá caomhnú agus cothú na Gaeilge ina bunaidhm ag Comhairle Contae na Gaillimhe. Tuigtear as sin go gcaithfear taca a chur faoi chaomhnú na teanga trí fhorbairt a dhéanamh ar an infrastruchtúor fhisiciúil i gceantair Ghaeltachta an chontae.**
-

**GA 6 Tithíocht Tuaithe sa Ghaeltacht**

Ní mór do gach tairiscintí tithíochta tuaithe sa Ghaeltacht cloí le *Caibidil 4 Saol Tuaithe agus Forbairt.*

## Cuir na míreanna a leanas anseo, le'd thoil.

**Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil roinnt ceantair sa gcontae a bhfuil a stádas socheacnamaíochta ag ísliú go leanúnach mar is léir i ndaonáireamh i ndiaidh daonáirimh. Tá sampla maith den mheath seo i nGaeltacht Iardheisceart Chonamara mar atá soiléir ó na foilseacháin a chuir Comhairle Contae na Gaillimhe le chéile bunaithe ar thuairiscí daonáirimh. Is mór an chontuirt do bhuncharraig na Gaeilge sa gcuid sin d'Iardheisceart Chonamara an laghdú ar an daonra, an lagan ar dheiseanna fostaíochta agus an éagothroime deimeagrafach atá ina thoradh ar seo ar fad.**

**-----------------------------------------------**

**Tá Comhairle Contae na Gaillimhe go láidir ar son feidhmiú phlean 5 bhliana Údarás na Gaeltachta i gceantar Charna/Chill Chiaráin. Thiocfadh buntáistí as an bhforbairt sin do na pobail Ghaeltachta atá in aice láimhe freisin. Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe aitheantas agus tacaíocht freisin don Phlean Chaomhnaíthe agus Forbartha na Gaeilge i gceantar Chonamara Láir atá faoi stiúir Údarás na Gaeltachta.**

**-----------------------------------------------**

**Tugann Comhairle Contae na Gaillimhe tacaíocht d'fhorbairt Pháirc na Mara ar an suíomh atá ag Údarás na Gaeltachta i gCill Chiaráin. Aithníonn an Chomhairle Contae gur togra nuálach atá i gceist le leas a bhaint as earnáil na mara ar mhaithe leis an bpobal. Aithníonn an Chomhairle Contae lena chois sin go bhféadfadh tábhacht náisiúnta agus idirnáisiunta a bheith le Páirc na Mara.**

**-----------------------------------------------**

**Leanfaidh an Chomhairle Contae ar aghaidh ag cabhrú go praiticiúil ar bhealaí éagsúla le plean forbartha 5 bhliana Údarás na Gaeltachta i gcomhair Charna/Chill Chiaráin agus i gcomhair cheantar Gaeltachta Iarthar Chonamara. Déanfar sin mar shampla trí uasghrádú a dhéanamh ar an R.340**

**agus trí fheabhas a chur ar an infrastruchtúr i sráidbhaile Chill Chiaráin agus Charna. Tá sé i gceist ag an gComhairle Contae go gcríocnófaí an scéim chosáin ar fud shráidbhaile Chill Chiaráin.**

**-----------------------------------------------**

**Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe go dteastaíonn scéimeanna poiblí séarachais i sráidbhailte Chill Chiaráin agus Charna agus cuirfidh an Chomhairle Contae béim ar an riachtanas atá leo seo i gcomhráití le Uisce Éireann.**

## *6.5.3 Bóithre*

Tá an Chomhairle airdeallach ar an tábhacht a bhaineann leis an ngréasán bóithre poiblí sa chontae agus ar an tábhacht a bhaineann le cosaint agus le forbairt leanúnach an infreastruchtúir seo chun sábháilteacht úsáideoirí bóithre a chinntiú, mar aon le hiompar earraí agus seirbhísí agus nascacht idir na lonnaíochtaí agus an réigiún ina iomláine. Tá roinnt mótarbhealaí (M6/M17/M18) agus bealaí náisiúnta a sholáthraíonn bealaí rochtana iontacha isteach agus amach as an gcontae atá fíorthábhachtach i ndáil le forbairt gheilleagrach agus shóisialta. Ag leibhéal níos áitiúla, tá roinnt bóithre réigiúnacha agus áitiúla ann a sholáthraíonn nascacht idir bailte agus sráidbhailte agus a gcúlchríocha tuaithe níos leithne.
Ainneoin go dtacaítear sa phlean le hiompar inbhuanaithe agus le contae ísealcharbóin, tuigeann an Chomhairle, mar gheall ar an líon suntasach pobal tuaithe atá sa chontae agus ar an tábhacht a bhaineann le gluaiseacht earraí a chinntiú go mbeidh ról lárnach ag an infreastruchtúr bóithre i ngréasán iompair an chontae trí chéile.

### Cuir na míreanna a leanas anseo, le’d thoil.

**Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae na Gaillimhe infrastruchtúr maith a chur ar fáil i ngach páirt den Chontae. Cuireadh feabhas mór ar an ngréasán bóithre le blianta beaga anuas go háithrid in oirthear an Chontae. Is mór an feabhas é sin ar an nasc idir bailte agus pobail. Mhéadaigh agus d’fheabhsaigh na ceangail bus agus traenach sa gcuid den chontae atá taobh thoir de chathair na Gaillimhe; ba mhór an cuidiú an N.4 nua as Gaillimh go Béal Átha na Slua agus na mótarbhealaí an N.18 agus an N.17.**

**Ach tá iarthar an chontae buailte go dona i gcónaí ag drochbhóithre, rud a fhágann a lán de na pobail faoi mhíbhuntáiste, go mór mór an chuid acu atá**

**bealach fada ó sheirbhísí riachtanacha mar fhostaíocht, seirbhísí nach féidir déanamh á n-uireasa agus ospidéil. Tá sé tuigthe ag Comhairle Contae na Gaillimhe go gcaithfear feabhas a chur go práinneach ar ghréasán bóithre Chonamara. Tá iarrachtaí déanta ag an gComhairle Contae air sin cheana féin ach ní i gcónaí a d'éirigh leis na hiarrachtaí de bharr cúinsí timpeallachta.**

**Ó tharla go bhfuil feabhas suntasach curtha ag an gComhairle ar sheirbhísí bóithre agus iarnróid i bpáirteanna eile den chontae tá sé ar intinn ag Comhairle Contae na Gaillimhe anois díriú ar uasghrádú iomlán a dhéanamh ar an gcuid den N.59 atá i gConamara agus ar fhorbairt bóthair nua an R.366 as Bearna go Carna i bPlean Forbartha 2022-2027. Díreofar freisin ar uasghrádú iomlán a dhéanamh ar an mbóthar an R.336 atá ina cheangal ríthábhachtach idir an R.336 agus an N.59 i nGaeltacht Iarthar Chonamara. Tabharfar aire chomh maith do bhóithre i gConamara atá ar ghrád níos ísle sa nGrádú Náisiúnta Iompair.**

**Tábla 6.1 Tionscadail Tosaíochta Iompair Phoiblí do Chontae na Gaillimhe 2022-2028**

| | |
|---|---|
| R336, R446, R332, R360, R328, R365 **R 340** | Oibreacha feabhais gréasáin, forleagan a neartú agus feabhsuithe a dhéanamh.. |
| Bóithre Ceangail Chnoc Óráin. | Bóithre ceangail a chur i gcrích. |
| N6 ag Ceathrú na Manaoise chun Ceantar Tionsclaíoch Órán Mór a nascadh ar an N18. | Scrúdú agus soláthar trasrian coisithe. |
| Mórlána Bus Bhóthar Thuama Breithniú a dhéanamh ar lánaí breise a chruthú nó lánaí atá ann a athrú ar mhaithe le | I gcomhpháirt le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, críoch a chur le dearadh |

| | |
|---|---|
| | |
| Mórlánaí Bus a fhorbairt ar R446, N83, N59, N84. | mhórlána bus Bhóthar Thuama agus tailte a choimeád de réir mar is cuí. Críoch a chur le dearadh Mórlánaí Bus agus tailte a choimeád de réir mar is cuí. |
| Gréasáin bóithre áitiúla agus réigiúnacha laistigh den Chontae. | Leanúint leis an obair treisithe, feabhsúcháin agus athailínithe más gá, ar na gréasáin seo. |

**2028**

**Tábla 6.2: Tionscadail Réigiúnacha/Áitiúla atá Beartaithe le haghaidh 2022-Cuspóir Beartais do Thionscadail Tosaíochta Bóithre**

# 9.7 Geilleagar Muirí agus Cósta

Chuir an earnáil mhuirí go leor fostaíochta ar fáil sa chontae. Mar sin, tugtar aitheantas dá tábhacht agus tá léiriú ar a tábhacht sa chaibidil seo. I measc na ndúshlán roimh an earnáil, tá éifeachtaí na dtuairteanna seachtracha, an Breatimeacht san áireamh, ar easpórtálacha iascaigh agus an gá le haistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin.

Bhí thart ar 30,000 duine i dtéarmaí coibhéis lánaimseartha fostaithe in earnáil mhuirí na hÉireann in 2019. Meastar gurbh ionann láimhdeachas bliantúil na hearnála muirí in Éirinn agus thart ar €6 billiún.

Tá raon earnálacha i ngeilleagar aigéin na hÉireann, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Loingseoireacht agus Iompar Muirí;
- Turasóireacht Cósta Mhuirí;
- Dobharshaothrú Muirí;
- Próiseáil Bia Mara;
- Táirgí Teicneolaíochta Muirí;
- Fuinneamh Inathnuaite Muirí.

Cuireann na hearnálacha loingseoireachta, iompair mhuirí agus turasóireachta go mór le geilleagar an aigéin.

**Cuspóir Beartais maidir le Geilleagar Muirí agus Cósta**

**GMC 1 Geilleagar Muirí**

Tacú le forbairt agus fás an gheilleagair mhuirí agus cothromaíocht a aimsiú idir na héilimh chomhsháraitheacha ar an spás atá ar fáil ar an gcósta ó úsáideoirí éagsúla agus comhardú agus cómhaireachtáil na ngníomhaíochtaí agus an infreastruchtúir a spreagadh, fad a thugtar aird do chúrsaí iomchuí timpeallachta.

***Tá tuiscint ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar an gcúlú i modhanna traidisiúnta iascaireachta le slí bheatha a bhaint amach. Glacfaidh an Chomhairle le polasaí a bhainfeas leas as na hacmhainní mara atá ar an gcósta fada 700 ciliméadar atá leis an gcontae. Beidh na hacmhainní sin ina ndeiseanna fostaíochta ag na pobail atá ina gcónaí le hais an Atlantaigh. Mar spreagadh don pholasaí seo breathnóidh Comhairle Contae na Gaillimhe go fábhrach i bprionsabal ar iarratais phleanála i gcomhair tionscal agus gníomhíochtaí mara.**

**---------------------------------**

**Tugann Comhairle Contae na Gaillimhe tacaíocht d'fhorbairt Pháirc na Mara ar an suíomh atá ag Údarás na Gaeltachta i gCill Chiaráin. Aithníonn an Chomhairle Contae gur togra nuálach atá i gceist le leas a bhaint as earnáil na mara ar mhaithe leis an bpobal. Aithníonn an Chomhairle Contae lena chois sin go bhféadfadh tábhacht náisiúnta agus idirnáisiunta a bheith le Páirc na Mara.**

**-----------------------------------------**

***Glacann Comhairle Chontae na Gaillimhe leis go bhfuil Céibh Chill Chiaráin aon lárnach agus tábhachtach do thionscail na hiascaireachta, do thionscail feilméireachta agus do thionscail na feamainne in iarthar Chonamara agus glactar leis go bhfuil féidireachtaí eile ag baint leis an gCéibh ó thaobh scéimeanna fuinnimh inathnuaite agus thionscail na turasóireachta. Dá réir sin, déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a gcuid féin lena**

chinntiú go mbeidh Plean Forbartha ann le haghaidh Céibh Chill Chiaráin agus go mbrostófar ar aghaidh leis an bhforbairt.

------------------------------

De bhrí go bhfuil tábhacht chomh mór sin le cúrsaí na mara sa suíomh tíreolaíoch ina bhfuil an contae seo, tá sé ar intinn ag Comhairle Contae na Gaillimhe tuilleadh foirne a chur ag obair le beochan a chur sna tionscail a bheas bunaithe ar chúrsaí na mara, ar na cuanta agus ar an gcladach atá ag síneadh linn. Taobh istigh den raon sin beidh tionscail, seirbhísí agus áiseanna siamsaíochta/turasóireachta a bhaineann leis an bhfarraige.

# 4.6 Straitéis Tithíochta Tuaithe faoin Tuath Fhairsing

## *4.6.2 Ceantair Thuaithe atá Lag ó thaobh Struchtúir de (Lastoir agus Laistiar de SIPCG)*

I ndiaidh an anailís faoina dtugtar i Mír 4.6 thuas, rinneadh an cinneadh gur féidir na ceantair laistiar agus lastoir de SIPCG a chatagóiriú mar Cheantair Thuaithe atá Lag ó thaobh Struchtúir de. Is féidir an ceantar tuaithe seo a chatagóiriú mar an gceantar tuaithe laistiar agus lastoir de SIPCG, faoi mar a léirítear i Mír 4.1. Bonn íseal daonra atá sna ceantair seo, den chuid is mó, agus níor tháinig an leibhéal céanna borrtha ar an daonra iontu a tháinig sna ceantair laistigh de SIPCG/na ceantair faoi bhrú Uirbeach. Tá ceantair ann inar tháinig laghdú ar an daonra, agus tá méadú ar an daonra tagtha ar roinnt ceantar idir Daonáireamh 2006 agus 2016. Tá seirbhísí agus bonneagar laghdaithe ar fáil sna ceantair seo mar gheall ar bhonn íseal daonra.

Is iad príomhchuspóirí na Comhairle sa saghas ceantar tuaithe seo:

- Freastal ar thograí forbartha cónaithe de réir mar a thagann siad aníos a fhad agus atáthar sásta go bhfuil an láithreán oiriúnach agus a shásaítear breithnithe teicniúla;
- **Beidh deis fhábharach ar chead pleanála Lastoir agus Laistiar de SIPCG, idir cheantair Ghaeltachta agus Ghalltachta, ag na rannóga iarrthóirí ar chead pleanála seo leanas:**
  - **Daoine as an gceantar.**
  - **Daoine atá ag cur fostaíochta ar fáil sa gceantar mar thionsclóirí, lucht tráchtála agus seirbhísí srl.**
  - **Daoine atá ag obair ar bhun buan, sa gceantar.**

- **Imirceoirí atá ag filleadh abhaile.**

- Freastal ar thograí forbartha cónaithe i gcomhréir le *Caibidil 15 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha;*
- Bailte agus sráidbhailte reatha a chothú agus éileamh ar thithíocht a ghintear i gceantair uirbeacha a dhíriú isteach chuig na ceantair seo;
- Ceantair a chosaint atá suite i gCatagóirí Tírdhreacha 2, 3 agus 4.

## Cuir na míreanna seo leanas anseo, le do thoil.

***Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe go neartaíonn gréasáin teaghlaigh agus pobail creatlach na gceantar tuaithe i gContae na Gaillimhe. Is páirt thraisiúnta de shaol na tuaithe iad. Aithníonn an Chomhairle freisin go bhfuil sé ríthabhachtach go leanfaí ar aghaidh le gníomhaíochtaí feirmeoireachta agus mara ar mhaithe le creatlach socheacnamaíocha an chontae a choinneáil slán. Ina theanta sin aríst is cuid mhór d'oidhreacht agus de thraidisiún an chontae na gníomhaíochtaí céanna.**

**Leis na bealaí maireachtála i dtalmhaíocht agus i gcúrsaí na mara a choinneáil ag imeacht tuigtear go dteastóidh pobal óg fuinniúil a mbeidh scileanna talmhaíochta agus farraige acu sna ceantair thuaithe agus cois cósta. Beidh tionchar aige sin ar pholasaí pleanála na Comhairle. Beidh an Chomhairle go láidir ar son daoine óga a choinneáil i mbailte fearainn Chontae na Gaillimhe.**

**------------------------------------**

***Glacfaidh an Chomhairle Contae le polasaí a thabharfas cead teach tuaithe a thógáil ar shuíomh ceathrú acra i sráidbhaile faoin tuaith.**

**------------------------------------**

***Aithníonn Comhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil rialacha caomhnaithe talún agus srianta timpeallachta eile curtha i bhfeidhm ar pháirteanna faoi leith den chontae. Sampla maith de sin na dlíthe timpeallachta atá i gConamara, idir Ghaeltacht agus Ghalltacht, sin agus ar na hoileáin amach ón gcósta.**

**Tuigeann Comhairle Contae na Gaillimhe go gcuireann sé seo strus agus costas breise ar an té a bhíonn ag iarraidh cead pleanála le teach cónaithe a thógáil sna ceantair sin. Tharlódh sé go gcoinneodh dúltú ar chead pleanála daoine óga ó lonnú ina bpobal dúchais. Tá sé ina pholasaí ag Comhairle Contae na Gaillimhe beogacht na gceantar tuaithe agus Gaeltachta a chinntiú. Dá réir sin tuigeann an Chomhairle go mbeadh drochthionchar ag imeacht daoine as a gceantar féin ar sheasmhacht na bpobal tuaithe agus ar na hiarrachtaí atá ar bun leis na ceantair thuaithe agus Ghaeltachta a neartú.**

---------------------------------------------

**Déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe scrúdú ar bhealaí le cúiteamh a thabhairt ar chuid den chostas mór a thiteann de bharr dlíthe timpeallachta ar dhaoine a bhíonn ag iarraidh cead pleanála i gceantar tuaithe. D'fhéadfadh sé gur deontas nó beart eicínt eile a bheadh sa gcúiteamh seo. Déanfar iarracht cabhair airgid a fháil as foinsí náisiúnta agus Eorpacha lena leithéid de scéim a chur i bhfeidhm.**

**Tuigtear nár cheart costas iomarcach a chur ar iarrthóir a bheadh ag iarraidh cead pleanála i gcomhair tí cónaithe de bharr caomhnú timpeallachta agus dlíthe eile mar iad i gcás go mbeadh riachtanas tithíochta ag an iarrthóir. Is é an sainmhíniú a bheas ar chostas iomarcach an costas is mó a bheadh ar meán ar an té a bheadh ag iarraidh cead pleanála i gcomhair tí i gceantar tuaithe de chuid na Gaillimhe nach mbeadh rialacha timpeallachta i bhfeidhm ann.**

## *4.6.3 An Straitéis Forbartha Tithíochta Tuaithe 2022-2028*

Chun riachtanais *an NPF agus na dTreoirlínte maidir le Tithíocht Inbhuanaithe Tuaithe* (2005) a chur san áireamh, meastar gur gá na freagairtí beartais ar leith seo a leanas a chorprú isteach sa phlean lena chinntiú go mbainistítear soláthar tithíochta tuaithe faoin tuath fhairsing go héifeachtúil agus go cuí.

Anuas ar na ceantair a shainaithnítear thuas (an Ceantar Uirbeach Tuaithe, Ceantair Thuaithe faoi Bhrú Láidir Uirbeach agus Ceantair atá Lag ó thaobh Struchtúir de), meastar gur gá na ceantair a chur san áireamh a ndéanann Íogaireacht Tírdhreacha 2, 3 agus 4 difear dóibh agus na ceantair freisin atá lonnaithe laistigh den Ghaeltacht. I gceantair a rangaítear in Íogaireacht Tírdhreacha 2, 3 agus 4, tá ar iarratasóir a lorgaíonn teach tuaithe a thógáil faoin tuath fhairsing a thaispeáint go bhfuil Riachtanas Tithíochta Tuaithe a bhfuil bunús leis agus na Naisc Thuaithe atá acu.

**Chomh maith leis sin, beidh deis fhábharach ar chead pleanála sna Íogaireachtaí Tírdhreacha 2,3 agus 4, idir cheantair Ghaeltachta agus Ghalltachta, ag na rannóga iarrthóirí ar chead pleanála seo leanas:**

- **Daoine as an gceantar.**
- **Daoine atá ag cur fostaíochta ar fáil sa gceantar mar thionsclóirí, lucht tráchtála agus seirbhísí.**
- **Daoine atá ag obair ar bhun buan sa gceantar.**
- **Imirceoirí atá ag filleadh abhaile.**

Seo a leanas na cuspóirí beartais ar leith le haghaidh tithíocht tuaithe faoin tuath fhairsing:

- Crios Tithíochta Tuaithe 1: Ceantar Uirbeach Tuaithe-
- Crios Tithíochta Tuaithe 2: Ceantar Tuaithe faoi Bhrú Láidir Uirbeach-SIPCG
- Crios Tithíochta Tuaithe 3: Ceantair atá Lag ó Thaobh Struchtúir de
- Crios Tithíochta Tuaithe 4: Íogaireacht Tírdhreacha 2, 3 agus 4

- Crios Tithíochta Tuaithe 5: An Ghaeltacht